Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14861/22

LIMITE

ENV 1169

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0332(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13658/22 - COM(2022) 543 final |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 42ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa ('Coinbhinsiún Bheirn')<br>- Glacadh |

1. Is é is aidhm don Choinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn) flóra agus fána fiáine na hEorpa agus a ngnáthóga nádúrtha a chaomhnú. Tá an tAontas ina Pháirtí sa Choinbhinsiún ón 1 Meán Fómhair 1982. Is Páirtithe iad gach ceann de na 27 mBallstát freisin.

2. Is é an Buanchoiste comhlacht rialaithe Choinbhinsiún Bheirn. Féadfaidh sé a rialacha nós imeachta a leasú agus leasuithe a ghlacadh ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

3. Ag an 42ú cruinniú den Bhuanchoiste, a bheidh ar siúl in Strasbourg, an 28 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2022, tá sé beartaithe ag an Eilvéis an mac tíre (*Canis lupus*) a bhogadh ó Fhoscríbhinn II (speicis fána atá cosanta go dian) go dtí Foscríbhinn III (speicis fána faoi chosaint — inrialaithe). Iarrfar ar an mBuanchoiste freisin leasuithe ar a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

4. An 14 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Chomhairle an togra[1] ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ag an 42ú cruinniú den Bhuanchoiste maidir leis na leasuithe sin atá beartaithe.

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil (WPIEI) an togra ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Deireadh Fómhair agus rinne an Mheitheal um an gComhshaol (WPE) breithniú ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 4 Samhain. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an dá chruinniú sin agus ar bharúlacha na dtoscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht téacs comhréitigh. Deimhníodh le Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil an Tosta[2], ar tháinig deireadh leis an 10 Samhain, go raibh tromlach cáilithe i bhfabhar an téacs chomhréitigh ón Uachtaránacht.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> an méid seo a leanas a mholadh don <u>Chomhairle</u>:

a) an dréacht-Chinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 14590/22 (bailchríoch arna cur ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga) a ghlacadh, trí thromlach cáilithe, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo;

b) a chinneadh go gcuirfear in iúl do Pharlaimint na hEorpa gur glacadh an dréachtchinneadh.

---

1 13658/22 - COM(2022) 543 final.
2 WK 15155/2022 + ADD 1.



PUBLIC